Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2025)0272

Comhaontú idir an tAontas agus Lichtinstéin maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais: Prótacal Leasaitheach

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Samhain 2025 ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta (COM(2025)0397 – C10-0200/2025 – 2025/0214(NLE))

(Comhairliúchán)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle (COM(2025)0397),

– ag féachaint don dréacht-Phrótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta (COM(2025)0397),

– ag féachaint d’Airteagal 115, d’Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (b), agus d’Airteagal 218(8), an dara fomhír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C10-0200/2025),

– ag féachaint do Rialacha 84 agus 117(8) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A10-0201/2025),

1. ag formheas thabhairt i gcrích an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Phrionsacht Lichtinstéin.